
# Achoimre Feidhmiúcháin

Ullmhaíodh Clár Oibre ÚBE do 2022 agus na sainorduithe atá ann cheana agus a bhfuiltear ag súil leo ó na comhreachtóirí á gcur san áireamh mar aon leis na cúraimí a eascraíonn as an rialachán lenar bunaíodh ÚBE, lena n-áirítear a mheasúnú ar staid reatha earnáil baincéireachta na hEorpa. Den chuid is mó, leanfar in 2022 leis an obair a bhí á déanamh ag ÚBE in 2021. Is ar thús cadhnaíochta i gcónaí a bheidh sé creat ábhartha comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG) do na bainc a fhorbairt tuilleadh, agus faireachán a dhéanamh ar thionchar COVID-19 ar a gcláir chomhardaithe. Thairis sin, táthar ag súil le trasuí chreat Basel III san Aontas agus cur chun feidhme straitéis airgeadais dhigiteach an Aontais[1], go háirithe na tograí reachtacha maidir le Gníomh um Athléimneacht Oibriúcháin Dhigiteach (DORA) agus maidir le Margaí Criptea-Shócmhainní (MiCA) a bheith tábhachtach do ghníomhaíocht ÚBE in 2022.

Cuireadh Clár Oibre 2022 le chéile i bhfianaise na gcúig thosaíocht straitéiseacha ingearacha agus chothrománacha a d'fhormheas Bord Maoirseoirí ÚBE i mí Eanáir 2021 i gcomhthéacs an Doiciméid Clársceidealaithe Aonair (SPD) do na blianta 2022 go 2024. Áiríodh an chéad leagan de Chlár Oibre 2022 sa SPD agus deimhnítear iad leis seo agus déantar coigeartú beag orthu i bhfianaise na bhforbairtí a tugadh faoi deara sa chéad leath de 2021. Bhain an Clár Oibre tairbhe freisin as ionchur an ACP ag deireadh mhí an Mheithimh 2021, chun sainiúlachtaí áirithe a chur san áireamh (cuir i gcás SNCInna). Cuirfidh an tÚdarás san áireamh freisin timthriall nua Tosaíochtaí Straitéiseacha Maoirseachta uile-Aontais agus cuirfidh sé plean oibre nua maidir le hAthbhreithniú Piaraí chun feidhme, don tréimhse ó 2022 go 2023, mar a iarradh leis an Rialachán ÚBE a thabhairt cothrom le dáta ('Athbhreithniú na ÚMEnna').

**Tosaíochtaí do 2022**




[1] Pacáiste airgeadais dhigitigh | An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

Beidh na tosaíochtaí ilbhliantúla mar threoir do dhéine obair ÚBE. Is féidir iad sin a ghrúpáil i 25 phríomhghníomhaíocht, a mbaineann 14 díobh le beartas agus cóineasú, 5 cinn le measúnú riosca agus sonraí, agus 6 cinn le comhordú agus tacaíocht. Chun sineirgí agus éifeachtúlacht a chothú, rinneadh líon foriomlán na ngníomhaíochtaí a chuíchóiriú 30% i gcomparáid le 2021 agus rinne ÚBE a struchtúr eagrúcháin a choigeartú an 1 Meitheamh 2021.

info@eba.europa.eu